

SEÁN A' DROMA

Séard a bhí ann mac baintreabhaighe. Chuaidh sé agus liostáil sé nuair a bhí sé ina fhear óg. Oidhche dá raibh sé ar garda bhí an oidhche an-fhuar agus é a' sioc go tréan. Thréis go raibh sé a' siubhal bhí se cinnte air é féin a choinneál te. Faoi cheann tamaill tháinig an sáirseant a bhí os a chionn thart. "Tá sé fuar a Shéain" ar seisean. "Tá" arsa Seán, "ach an bhfanfa annseo l m'áit go ceann chúig mhóiméad go dteighinn isteach go bhfághainn rud eicint a théithfeadh mé, tá mé préachta." "Ó a Sheáin, nach bhfuil fhios a'd cén choir a bheadh déanta a'd dá n-imthightheá de de phosta go mbeadh t'am thuas, dá dtagadh aon duine orainn?" "Ní bheidh mé chúig moiméad féin uait" adeir Seán. "Thuga leat mar sin" adeir an sáirseant, "agus déan deifir."

Chuaidh Seán isteach agus ghlaigh sé pionta leanna. Bhí bord ina fhiadhnaís agus agus teine mhór. "Mo chrádh Dé" adeir sé, "mara bhfanfaidh mé annseo go mbídh pionta eile agam." Cé thiocfadh thart ach an t-oifigeach agus casadh an sáirseant dó. "Céard a thug annsin thú?" adeir sé leis an sáirseant. "Glacaim míle párdún agat" adeir an sáirseant, "bhí Seán annseo a tuitim as a sheasamh le fuacht. Dubhairt sé liom fanacht chúig móiméad ina áit go bhfágadh sé deocha théidhfeadh é." "Nach bhfuil fhios agat gurb é an dligheadh é duine ar bith a d'fhágadh a phosta é a chaitheamh. Dá bhfágadh sé go mbeadh an t-am thuas?" "Tá fhios go maith" adeir an sáirseant. "Seas annseo go dtéighe mé isteach go nglaoidhe mé air." Chuaidh an sáirseant isteach go dtí Seán. "Bí amuich a Sheáin, tá an t-oifigeach in t'áit agus l m'áit-sa agus tháinig mise ar do thóir." "Dar fiadh féin" adeir Seán, "ní ghabhfaid. Tá fhios agam céard tá romham agus níl aon ghraithe agam ann. Suidh anuas agus bíodh pionta agat féin."

Shuidh an sáirseant síos. Ní i bhfad go dtainig an t-oifigeach chuca isteach. "Tuige nach dtéigheann sibh amach?" adeir an t-oifigeach. "Níl mise a' gul amach" adeir Seán, "mar tá fhios a'm céard atá romham." "Tá mise chomh dona leat" adeir an sáirseant, "ní ghabhfaidh mise amach." "Níl aon ghraithe a'm-sa amach ach an oiread libh" adeir an t-oifigeach, "tá an choir chéadna orm." "Cé ngabhfamuid anois" adeir sé. "Imtheochamuid romhainn" adeir Seán, agus b'fhéidir nach mbéarfaidhe orainn."

D'imthigh siad rompa trí áit an-iargcúil. Nuair a bhí Seán ag imtheacht thug sé leis an droma mór. Bhíodar ag imtheacht thrí áit an-achrannach. "Is mór an trioblóid atámuid muid a fhágail annseo" adeir an t-oifigeach, agus páirc bhreagh fúinn thíos le feiceál nach ann a shiubhalfadh." "Ó tá mé i bfaithíos" adeir Seán, gurb é atá annsin uisge." "Ní headh" adeir an t-oifigeach, "ach talamh glas." "Fóill ort" adeir Seán, tá an droma mór a'm-sa agus sgaoilfidh mé le fána é. Más talamh glas é déanfa sé an-torann nuair a ghabhfas sé go híochar. Más uisge é ní dhéanfaidh sé torann ar bith."

Sgaoil sé an droma síos agus ní dhearna sé aon torann. "Anois" adeir Seán, nár dhubhairt mé libh gurb éard a bhí ann abhainn. D'imthigh siad leobhtha go bhfaca siad solus i ngar

dóbhtha agus ní i bhfad uatha. Tharraingíodar air. Nuair a tháinig siad go dtí an solus bhí caisleán breagh rómpa agus chuaidh siad isteach. Bhí bord leagtha rómpa insa bpárlús nuair a chuaidh siad isteach. "Dar fiadh féin" adeir Seán, pé bí cé atá sa teach seo is dóchaigh go raibh fhios aca go raibh sinn a' tigheacht. Tá béile gléasta romhainn annseo agus is dóchaigh gur dhúinn-ne é. Suidhidh isteach."

Bhí neart le n-ithe agus neart le n-ól aca. Nuair a bhí a sáith ithte ólta aca agus a sgíth leigte chonnaic siad lámh a' tigheacht agus coinneal innte. "Is cosmhail" adeir Seán, go bhfuil an choinneal ag iarraidh orainn a ghul a' chodladh."

D'éirigh siad ina seasamh agus leanadar don choinnil. An chéad seomra a casadh dhófa chuaidh an lámh agus an choinneal isteach ann. "tiubhramuid an oiread ómóis don oifigeach" adeir Seán, "agus go ngabhfaidh sé isteach annsin." Chuaidh an t-oifigeach isteach agus chuaidh sé a chodladh. Tháinig an choinneal amach agus chuaidh sí isteach i seomra eile. "Gabh tusa isteach annsin" adeir Seán leis an sáirseant. Chuaidh. Nuair a bhí an sáirseant ina chodladh tháinig an choinneal amach aríst agus chuaigh sí go dtí an tríomhadh seomra. "Is dóchaigh" adeir Seán "gurb é seo mo sheomra. Tá sé chomh maith dhom féin a ghul isteach" agus chuadar triúr a chodladh.

Ar maidin lá ar na bhárach nuair a d'éirigh siad, nuair a bhí an bord leagtha le haghaidh an triúr, bhí trí ghunna agus trí mhála púdair agus gráin leagtha ar an mbord agus ceathramha caoirfheola. "Is cosmhail" adeir Seán, "nach bhfuil aon deifir ag an muinntir atá sa teach seo linn. Caithfidh beirt againn a ghul amach a' fiadhach agus a' foghailéarachacht dúinn féin indiu, agus beidh an fear eile istigh, agus beidh an cheathramha caoirfheola seo gléasta aige nuair a thiofais an bheirt eile isteach." "Cé fhanas istigh?" adeir an sáirseant. "Tiubhramuid ómós don oifigeach" adeir Seán, níl sé cleachtach ar shiubhal mar atá muidí agus fanfa sé istigh indiu."

Nuair a d'imthigh siadsan fuair an t-oifigeach an pota, sgiúr sé is ghlan sé é agus chroch sé síos é. Chuir sé an chaoirfheoil ann síos. Nuair a cheap sé é a bheith bruithte thóg sé an clár de agus dhearc sé air. Céard d'fheicfeadh sé ach brat súgha ar bharr an bhruithe. "Tá mé náirighthe go bráthach" adeir sé. "Déarfaidh Seán agus an sáirseant nach bhfaca mé tada ariamh ach an bhrocghaileacht." Fuair sé mias bheag agus thosuigh sé a'tógáil a' tsúgha, agus sé an áit a raibh sé dá chaitheamh isteach i bpúirthín na luatha. Nuair a chaith sé isteach an chéad mhias d'éirigh fear beag as púirthín na luatha chuige amach.

"Ara, go mba measa a bhéas tú bliain ó indiu mara deas an bhail a chuir tú orm istigh i mo theach féin thar éis an chóir a chuir mé ort aréir agus aríst indiu." D'ionnsuigh sé an t-oifigeach agus bhuail sé an oiread air is nach raibh sé i ndon geall le eirighe. Tháinig Seán agus agus an sáirseant abhaile agus bhí an dinnéar réidh. Nuair a bhí siad ag ithe a ndinnéir ní dheachaidh an t-oifigeach ag ithe aon bhlais. "Tuige nach n-itheann tú do dhinnéar" adeir Seán. "Is ionndamhail" adeir an t-oifigeach "an té atá ag cócaireacht nach bhfuil sé i ndon tada a ithe."

Chaitheadar leofa annsin go dtí maidin lá ar na bhárach. Bhí na trí ghunna, trí mhála púdair agus gráin leagtha ar a' mbord agus ceathramha caoirfheola. D'itheadar a mbricfeasta. "Cé

fhanas istigh?” adeir Seán. “Níl mise a’ guil a’ fanacht istigh” adeir an t-oifigeach. “Fanfa an sáirseant istigh indiu” adeir Seán.

D’fhan an sáirseant agus d’imthigh Seán agus an t-oifigeach leofa. Fuair an sáirseant an pota agus sgiúr sé agus ghlan sé é. Chuir sé síos é agus an cheathramha caoirfheola leis. Nuair a cheap sé é a bheith bruithte thóg sé an clár agus dhearc sé air. Céard d’fheicfeadh sé ach brat súgha fré n-a chéile ar bharr a’ phot’. “Tá mé náirithe seachas ariamh.” Déarfaidh an t-oifigeach agus Seán nach bhfaca mé tada ach an bhrocghaileacht, agus nach bhfuil fhios agam céard a dhéanfaidh glan é.” Fuair sé mias agus thosuigh sé a’ tógáil an tsúgha den anbhruith. Ní dhearna sé ach é a chaitheamh isteach i bpúirthín na luatha agus d’eirigh an fear beag chuige amach. “Go mba measa a bhéas tú bliain ó indiu” adeir an fear beag. “Níor bheag an sgóla a fuair mé indé agus gan tusa a bheith ag déanamh níos measa indiu thar éis an chóir a chuir mé oraibh, mé a bheith bruithte sgólta istigh i mo theach féin agaibh.” Pébeir cén bualadh a fuair an t-oifigeach fuair an sáirseant a dhá oiread. Chuaidh sé agus ghléas sé an dinnéar agus leag sé ar an mbord é. Tháinig Seán agus an t-oifigeach. Shuidheadar i gceann a ndinnéir. Níor chorrúigh an sáirseant as an áit a raibh sé ina shuidheamh. “Tuige nach n-itheann tú do dhinnéar” adeir Seán. “Is ionndamhail” adeir an sáirseant, “an té atá a’ cócaireacht, nach bhfuil aon suim i mbeatha aige. Ní fhéadfaínn aon bhlais a ithe.” “Dar fiadh” adeir Seán ina inntinn féin, “caithfidh sé go bhfuil rud eicint suas.”

Maidin an tríomhadh lá bhí an trí ghunna, an trí mhála púdair agus gráin leagtha ar an mbord aríst agus ceathramha caoirfheola. “Cé fhanfas istigh indiu?” adeir Seán. “M’anam nach bhfanfa mise” adeir an t-oifigeach. “Ná mise” adeir an sáirseant. “Is dóchaigh gurb é mo turn fanacht istigh” adeir Seán. Nuair a bhí an t-oifigeach agus an sáirseant imighthe fuair Seán an pota, sgiúr sé agus ghlan sé é, agus chroch sé síos an cheathramha caoirfheola ann. Nuair a cheap sé é a bheith bruithte thóg sé an clár agus dhearc sé air. Bhí brat súgha ar an anbhruith fré chéile. “Mara bhfuil mé náirithe seachas ariamh” adeir sé. “Déarfaidh an sáirseant agus an t-oifigeach nach bhfuil fhios a’m cén chaoi blas beathadh a ghléas.” Fuair sé mias agus thosuigh sé a’ tógáil an tsúgha den anbhruith agus da chaitheamh isteach i bpoll na luatha. D’eirigh an fear beag aige amach. “Go mba measa a bhéas tú bliain ó indiu” adeir sé, “ní beag dom a bhfuair mé indé agus athrú indé ach tá mé bruithte sgólta agat-sa ar fad. “Go mba measa a bhéas tusa bliain ó indiu” adeir Seán. “Má bhuail tú an t-oifigeach agus an sáirseant, níl tú a gul do mo bhualadh-sa.”

D’ionnsuigheadar féin a chéile. Rug Seán air agus bhuail sé faoi é. “Do chara agus do choimrighe agus leig as seo mé,” adeir an fear beag. “Is tú an fear is fearr a tháinig isteach i mo theach ariamh.” “Cén sórt fear thú féin” adeir Seán. “Mac Rí le bainrioghan mé atá faoi dhraoidheacht annseo ag na fathaigh atá sa domhan thíos. Tá mo thriúr dreifur tugtha leofa aca agus siad atá a’ freastal oraí le trí oidhche. Níl i ndán dom-sa eirighe ón draoidheacht go bráthach nó go marbhuightear iad sin.” “Cén chaoi a ngabhfa mise síos?” adeir Seán. “Siubhail leat” adeir an fear beag, “agus spáinfidh mise an bealach síos duit.”

Thug sé leis é go dtí áit a raibh clár ar pholl mór. “Tóg an clár anois agus feicfidh tú féin an bealach síos.” Thóg agus chonnaic sé an poll mór síos. “Cén chaoi a ngabhfa mé síos?” adeir

Seán. "Caithfidh tú cis a dhéanamh agus gadracha a chasadh le thú a ligean síos go dtí an talamh íochtair."

Nuair a tháinig an t-oifigeach agus an sáirseant abhaile d'ith siad a ndinnéar. Chuaidh siad chun na coilleadh gur bhaineadar adhbhar cis agus gadracha gur chasadar agus gur chuireadar le chéile an oiread agus a thug síos iad. "Anois" adeir Seán, cé agaí atá a'gul síos?" "Gabhfa mise síos" adeir an sáirseant. Chuireadar isteach insa gcis é agus sgaoileadar síos é. Ní raibh sé achar ar bith síos nuair a d'fhuagair sé a tharraingt aníos. Tharraingeadar aníos é agus chuaidh ant-oifigeach síos. Pébeir achar a chuaidh an sáirseant síos ní dheachaidh an t-oifigeach leath an fhad gur fhuagair sé ortha, gur tharraingigheadar aníos é. "Gabhfa mé féin síos anois" adeir Seán agus fanaigí annseo go ceann lá agus bliain. Tá neart le n-ithe agus le n-ól agaí. Má bhím-se beo féachfaidh mé a bheith agaibh an lá sin."

Chuaidh Seán síos. Nuair a thainig sé amach as a' gcis chonnaic se seanfhear l gcionn ba. "Go mbeannuighe Dia dhuit" adeir Seán. "Go mbeannuighe Dia agus Muire dhuit" adeir an seanfhear. "Tá mé i bhfaithíos gur olc an áit a dtug do chosa thú." "Níl neart air, adeir Seán, "ach céad fáilte roimh ghrásta Dé." "Ná cuireadh sé sin aon droch-mhisneach ort" adeir an seanfhear. "Nuair a ghabhfas tú chomh fada le caisleán an fhathaigh casfar tobar dhuit. Tá crann a' fás os cionn a'tobair. Gabh suas insa gcrann agus fan ann go dtaga an bhanrioghan óg amach agus feicfe sí thú. Déarfadh sí leat a ghul anuas agus thigheacht isteach go dtuga sí dinnéar dhuit sul dá dtaga an fathach. Abair tusa léithe nach ngabhfair mara ndéana sí an rud duit a déarfais tú léithe. Déarfa sí leat rud ar bith atá ina cumhachta go ndéanfa sí é. Tá dhá bhuidéal istigh insa seomra a bhfuil an fathach a' codladh ann. Tá ceann ag á n-a chloigeann agus an ceann eile ag á n-a chosaí. An fear a ólfas an ceann atá ag á n-a chloigeann tá neart na gcéadta fear ann chomh luath agus ólfas sé é. Abair léithe an buidéal atá ag á n-a chloigeann a chur anuas ag á n-a chosaí agus an ceann atá ag á na chosaí a chur ag á na chloigeann."

Dubhairt sí go ndéanfaidh sí sin. Tháinig sé anuas agus chuaidh sé léithe isteach. Ní i bhfad a bhí sé istigh nuair a d'airigh sé an fathach mór a' teacht. Bhí an crann úr a' lúbadh agus an crann críon a' pléasgadh leis an deifir a bhí ar an bhfathach a' tigheacht. Níor fhan sé le dul go dtí an dorus. D'eirigh sé de léim agus chuaidh sé isteach ar a' bhfuinneog. "Fúfá féasóg" adeir sé, "fághaim boladh an Éireannaigh bhréagaigh bhradagh. Is mór liom de ghreim thú agus beag liom de dhá ghreim thú. Níl fhios a'm cé is fearr tú dé shéideog san aer nó le ingne mo chos sa talmhain."

"Go mba measa a bhéas tú féin a fhathaigh bhréin bhradaigh" adeir Seán. "Ní le cóir ná ceart a iarraidh ort a tháinig mé annseo ach le cóir agus ceart a bhaint dhíot." "Cé is fearr leat" adeir an fathach, "a ghul a' coraidheacht ar leacracha glasa nó a ghul a' sgeanaidheacht i mbarr easnacha a chéile.?" "Is fearr liom a ghul a' coraidheacht ar leaca glasa" arsa Seán, "in áit a mbeidh do spága móra gránna a' gul in íochtar agus mo chosa míne geala a' gul in uachtar." "B'fhéidir go n-ólfá deoch" adeir an fathach. "Is maith liom a fhághail" adeir Seán.

Chuaidh an fathach suas agus thug sé anuas an dá bhuidéal. Thug sé an ceann a bhí ag á na chosa do Sheán agus d'ól sé féin an ceann eile. Nuair a bhí sin déanta aca, "siubhail leat

anois" adeir an fathach, "go mbídh cor againn." Rug sé féin agus Seán ar a chéile. An chéad chor a thug Seán dó chuir sé síos go dtí n-a dhá ghlúin é sa tamhain, an dara cor go dtí na bhásta, an tríomhadh cor go dtí a asgallaí. "Do chara agus do choimrighe" adeir an fathach, "is tú an gaisgidheach is is fearr a chonaic mé mé ariamh agus leig as seo mé. Tiubhraidh mé m'each caol dubh duit nach bhfuil a leitheidhe sna seacht ríoghachta ach péire eile atá ag mo bheirt dreathár. Tiubhraidh mé mo chulaidh airm agus mo chladheamh soluis duit a dhéanfas solus i ndorchas a bhfuil faobhar chun gearrtha, faobhar chun bearrtha, faobhar os cionn faobhair agus an treas faobhar air." "Cé bhfuighfidh mé do chladheamh soluis?" adeir Seán. "Gheobhfaidh tú sa gcrann sin thall é" adeir an fathach. "Cé bhféachfa mé anois é" adeir Seán. "Féach ar smután gránna annsin é" adeir an fathach, "ní maith liom aon chrann deas a bhaint." "Ní fheicim smután ar bith is gránna ná do chloigeann mór féin" adeir Seán, dá bhualadh ar i gcumhngar a mhéill, a ghéill agus a mhuinéil, a' baint a chloiginn de. Chuir sé suas a' feadghail é agus anuas a' caoineachán.

Bhuail sé isteach go dtí an bhanrioghan óg agus d'ith sé a dhinnéar go sásta. "Siubhail leat anois" adeir an bhanrioghan óg "go dteighimuid abhaile." "Níl sé i mo chlaoinidheacht fillleadh" adeir Seán, go dtuga mé do bheirt dreithiúr liom." Bhí na fathaigh faoi gheasa gan lámh a bheith aca ionnta go ceann lá agus bliain. Dá mbeidís aca lá agus bliain iad a bheith aca go bráthach.

Níor stop Seán gur mharbhuigh sé na triúr fathach agus go dtug sé leis na triúr banrioghan óg i gcuideachta. Tháinig siad go dtí an chéad chaisleán a dtáinig sé chuige. Chaith siad an oidhche ann. Lá r na bhárach, "anois" adeir Seán, "triallfamuid abhaile."

D'imthigh sé féin agus na banrioghanacha agus níor stop siad ariamh go dtáinig siad go dtí an cis. Chraith sé an gad agus d'fíafraigh sé dhíobh a raibh siad annsin. Dubhairt siad leis go raibh. Chuir sé cenn de na mná ógá isteach sa gcis agus tharraing siad suas í. Nuair a chonnaic an t-oifigeach agus an sáirseant an bhanrioghan óg d'ionnsuigheadar féin a chéile go bhfeicidís cé aca a mbeadh sí aige. "Bíodh foighid agaibh" adeir an an bhanrioghan óg, "tá beirt níos breaghtha ná mise le ghul aníos fós."

Sgaoileadar síos an cis agus chuir Seán suas an bheirt bhan óg eile. Sgaoil siad anuas an cis aríst. Bhí Seán a' gul ann isteach. D'fuagair an seanfhear air gan a ghul sa gcis. "Má theighir beidh tú marbh." "Ní dhéanfaidís sin orm" adeir Seán. "Cuir toirt do mheadhachain féin insa gcis" adeir an seanfhear. Chuir. Nuair a bhí sé leath bealaigh suas ghearradar an gad agus thuit an cis anuas. "Anois" adeir an seanfhear, nár dhubhairt mé leat." "Dia sinn dá réidhteach" adeir Seán, "cén chaoi a bhfágfaidh mé seo choidhchin, nó bhfuil bealach ar bith ins a' domhan a bhféadfainn a fhágáil?" Níl ní ar bithsa domhan i ndon thú a thabhairt as ach iolrach atá ina leitheidhe seo d'áit ar a nead. Tiubraidh sé sin as thú." Níor stop Seán ariamh go bhfuair sé an t-iolrach. Dubhairt sé leis a thigheacht go dtagadh sé ag Poll an Uafáis le n-a thabhairt go hÉirinn. "Níl mé i ndon" adeir an t-iolrach. "Tá mé i ndéis a bheith ag gor i mo nead agus tá mé lagtha amach." "Caithfidh tú tigheacht" ar Seán. "Tiubhraidh mise cothrom maith dhuit." "Níor mhór liom trí mhart," adeir an t-iolrach, "dhá mhart le n-ithe agus ceann le haghaidh an bhóthair." "Gheithfidh mise sin duit" adeir Seán. Níor stop sé féin ná an t-iolrach nó go dtáinig siad go dtí an seanfhear. "Caithfidh mé ceann de do

chuid ba a fhághail” adeir Seán. “Ní bhfuighidh tú” adeir an seanfhear, “aon bhó uaim-se.” “Ní bheidh mise dá hiarraidh ort-sa” adeir Seán, a’ breith ar adhairc ar an mbó. Rug an seanfhear ar an adhairc eile. Rinne siad dhá leith den bhó ó adhairc go ruball. “Anois a bhfuighidh tú í” adeir an seanfhear. “Níl aon chumhacht a’ m-sa aon bhó a thabhairt dhuit gan cead mo mháighistir.” “Cé hé do mháigistir?” adeir Seán. “Rí atá ina leitheid seo d’áit” adeir an seanfhear, agus caithfidh tú trí lá conganta a thabhairt dhó sul má fhághann tú aon mhart uaidh.”

D’imthigh Seán agus níor stop sé go ndeachaidh sé go dtí an Rí. D’iarr sé na trí mart ar an Rí. “Gheobhfa tú sin” adeir an Rí, “ach caithfidh tú trí lá conganta a thabhairt dom-sa. Tá mé a’ troid annseo le seacht mbliana. Gnóthuigheann mo chuid fear chuile lá. Níl fear dá marbhuigheann siad nach bhfuil beo ar maidin lá r na bhárach rómpa.” “Déanfa sin” adeir Seán, “tiubhra mise sin duit.”

Chaith sé féin agus an rí an oidhche trian le sgéalaidheacht, trian le fiannaidheacht, trian le suan sámh, blas na meala ar gach aon rud gan aon ghreim tor nó gur eirigh lá. Lá ar n-a bhárach fuair Seán é féin faoi réir. “Ní lá conganta é” adeir Seán, “mara bhfága mé do chuid fear ar fad sa mbaile indiu. D’fhága.

“Lean don chosán buailte” adeir an rí leis, agus tiubhra sé go dtí a gcasfar leat iad”

Chuaidh. Chonnaic sé cruinniú mór roimhe. D’ionnsuigh sé féin agus iad féin a chéile. A’ gul faoi don ghréin dheamhan ceann a bhí fágtha ar colainn ag Seán. “Níl aon mhaith dhom-sa a ghul abhaile” adeir Seán, gan fhios a bheith agam céard atá dhá ndéanamh seo beo aríst.” Shín sé siar. Tharraing sé corp faoi, corp os a chionn agus corp ar gach aon taobh dhe. Níor fhada a bhí sé go bhfaca sé cailleach a’ liosa a’ tigheacht, a poitín agus a cleitín agus í dá chuimilt de na mairbh.

“Eirigí suas” adeir sí “chomh láidir is bhí sibh ariamh.” Bhíodar ag eirghe in a dhiaidh. “Fóill ort” adeir Seán, “a chailligh, ná cuir níos níos mó ina seasamh. Má chuirir ní liom-sa a chuideochaidh siad. D’eirigh Seán agus mharbhuigh sé an méid a bhí beo, agus an chailleach. Shín sé siar aríst mar bhí sé cheana. Níorbh fhada a bhí sé nuair a chonnaic sé cailleach a’ leasa a’ tigheacht, a poitín agus a cleite aice, agus í dá gcuimilt díobh. “Eirigí suas” adeir sí, “chomh maith is a bhí sibh ariamh.”

Bhíodar ag eirghe ina diaidh. “Fóill ort a chailligh” adeir Seán, “ná cur níos mó in a seasamh. Má chuirir ní liom-sa a chongnóchas siad.” “Ná raibh míle fáilte romhat a Sheáin a’ Droma” adeir an chailleach, tá do sháith romhat amach fós.” Níor fhága sé ceann ar cholainn aca nar mharbhuigh sé aríst. Níorbh fhada go bhfaca sé Cat na hUamhnach chuige. D’ionnsuigh sé féin agus an cat a chéile. Bhí siad an fhad a’ troid gur chuir an cat a chrúib síos i muineál Sheáin croidhe agus sgamhóga Sheáin as aníos. Tharraing Seán croidhe agus sgamhóga an chait amach ar bharr a’ chlaidhimh ina fhiadhnais. Thuit Seán agus an cat marbh.

Nuair a b’fhada leis an rí go raibh Seán a’ tigheacht chuir sé a chuid fear amach ar a thóir agus dubhairt sé má’s beo marbh é é a thabhairt ina láthair. Chuaidh siad agus fuadarad Seán. Thug siad abhaile é agus croidhe agus sgamhóga an chait mar siad a bhí le n-ais. Nuair a tháinig siad go dtí an rí chuir siad an croidhe agus na sgamhóga isteach ina n-áit

aríst. Chuimil sé buideál íocshláinte dó agus rinne sé chomh beo é ina shláinte agus bhí sé ariamh.

Bhí Seán ag ithe a dhinnéir agus chuaidh luch thairis. D'éirigh sé de léim ón mbord agus rug sé thall ar an luich. "Á, ní hé a chroidhe ná a sgamhóga féin ata ann" adeir an rí. "Tugaidh chugam croidhe agus sgamhóga atá i láthair an chait." Thug. Tharraingeadar croidhe agus sgamhóga an chait amch as Seán. Chuireadar a chroidhe agus a sgamhóga féin isteach, chuimil siad buideál íocshláinte agus rinne sé fear chomh maith agus bhí sé ariamh. "Is tú an fear is fearr a casadh orm ariamh insa saoghal" adeir an rí. "Tá aon inghean amháin agam, aus má phósann tú í tiubhraidh mé dhuit í agus leath mo rioghachta." "Ba mhaith liom a fágáil," adeir Seán, ach tá gealltanais déanta le banrioghan óg agam agus ní maith liom a ghul siar ar m'fhocal." "Tabhair leat mar sin," adeir an rí, gach is a dteastuigheanns de bhethidhigh uait le marbhú."

Maidin lá ar na bháirach d'fhága sé slán agus beannacht ag a' rí, níor stop sé go dtáinig sé chomh fada leis an maor. Mharbhuigh siad na trí mhart. D'ith an t-iolrach péire aca. "Déan cheithre cheathramha cheathramha anois den cheann eile" adeir an t-iolrach, "a bhéarfais muid linn chun a bhealaigh."

Rinne. Cheangail sé suas ar dhruim an iolraigh iad. Chuaidh sé féin taobh thiar dhíobh. D'éirigh an t-iolrach agus bhí sé a' déanamh aníos Poll an Uafáis. "Tá mé do mo lagadh, a Sheáin" adeir an t-iolrach. "Caith chugam ceathramha den fheoil." Chaith. "Tiubhraidh sin congnamh mór dhom" adeir an t-iolrach. D'imthigh siad leofa sgathamh eile. Chaith sé ceathramha eile chuig an iolrach. Ní raibh siad ar barr go raibh na cheithre ceathramhna ithte ag an iolrach. "Tá muid réidh" adeir an t-iolrach, "mara bhfuil níos mó feola agat." "Níl" adeir Seán.

I leabaidh a bheith ag árdú sé an chaoi a raibh an t-iolrach ag ísliú. "Fóill ort" adeir Seán, bainfidh mé píosa as mo cholpa. Ghearr sé píosa le n-a chlaideamh amach as a cholpa agus chaith sé chuig an iolrach é. "Is fearr é sin ná mart ar fad" adeir an t-iolrach. "Déanfamuid na gnathaí anois." Thug an t-iolrach aníos go dtí caisleán an rí é. Bhí mac a' rí a bhí faoi dhraoidheacht ina sheasamh roimhe agus fáilte mhór aige roimhe. "Is tú an fear is fearr a tháinig isteach i mo theach ariamh" adeir an rí óg. Gheobhfaidh tú do rogha ceann de mo thriúr dreithiúr le pósadh agus leath mo rioghachta. Thig leat do rogha breith a thabhairt ar an oifigeach agus ar an sáirseant."

"Pósfaidh mé an ceann is óige de do chuid dreithúracha. Ní thiubhraidh mé breith ar bith ortha. Tá bean le haghaidh gach aonduine ann agus pósaidís iad. Imthídís pébeir cé dtogrócha siad a ghul. Fágfa muid do ríoghamhlacht agat féin agus tá mise a gul abhaile ag mo mháthair." D'fhága siad slán agus beannacht ag an rí ag chuaidh chuile dhuine aca ina bhealach féin.

28/2/1934

I dteach cúirte an Mháma. [Tyoad 11/5/34]